Coimisiún na Meán

# Doiciméad Comhairliúcháin: Scéim Meán Pobail 2026

Dáta foilsithe: Dé Céadaoin 10 Meitheamh 2026
Spriocdháta le haghaidh freagraí: Dé Céadaoin 1 Iúil 2026

Tá eolas sa doiciméad seo maidir le **Scéim Meán Pobail**, lena n-áirítear:

a) Cuspóirí na Scéime;
b) Paraiméadair na Scéime; agus
c) An chaoi a n-oibreoidh sé.

Public

# Clár Ábhair


An Chomhairliúchán 3

Conas Aighneacht a Dhéanamh 3

Foilsiú Aighneachtaí 3

Sonraí Pearsanta 3
Faisnéis faoi rún 4
Saoráil Faisnéise 4

**1. Réamhrá 5**

**2. Réamhrá 5**

**3. Ról an Choimisiúin 6**

3.1 Comhthéacs Reachtach Scéim Meán Pobail 6
3.1.1 Bunú na Scéime 6
3.1.2 Sainmhíniú ar na Meáin Phobail 6
3.1.3 Aidhmeanna agus Cuspóirí na Scéime 7
3.2 Cur chuige an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme Scéimeanna Maoinithe 8

**4 Raon feidhme Scéim Meán Pobail (“an Scéim”) 9**

4.1 Rannchuidiú na hearnála meán pobail i leith an tsochair shóisialta a neartú 9
4.2 Ábhar 9
4.3 Critéir Incháilitheachta 9

**5 Maoiniú 10**

5.1 Leithdháileadh cistí faoin Scéim Meán Pobail 11
5.2 Cineálacha deontais 11
5.3 Oibleagáidí faoi Rialacha Cúnaimh Stáit an AE 12
5.4 Ceanglais Faireacháin & Tuairiscithe 12
5.5 Babhtaí Mhaoiniúcháin 12
5.6 Aitheantas ar Mhaoiniú 12

**6 Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí 13**

6.1 An Próiseas Iarratais 13
6.2 An Próiseas Measúnaithe 13
6.2.1. Meastóireacht Réamhchéime 13
6.2.2. Measúnú Cáilíochtúil 13
6.2.3. Measúnú Straitéiseach 13
6.2.4. Daingniú Foirmiúil 13
6.3 An Próiseas Dámhachtana 14

**7 Athbhreithniú ar Scéim Meán Pobail ("an Scéim") 14**

**8 Aguisín 1 – Achoimre ar Cheisteanna Comhairliúcháin 15**

## An Chomhairliúchán

Leagtar amach sa doiciméad comhairliúcháin seo breac-chuntas ginearálta ar Scéim Meán Pobail ("an Scéim").
Is é is cuspóir do chomhairliúchán ar dhoiciméad na scéime tuairimí na bpáirtithe leasmhara a fháil maidir le cuspóirí agus paraiméadair na scéime.

Tá achoimre ar na ceisteanna comhairliúcháin sa doiciméad freisin.

Tá an Coimisiún ag lorg tuairimí anois maidir leis an gcur chuige atá beartaithe i leith na Scéime mar chuid de phróiseas comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara. Cuirfidh na haighneachtaí a gheofar mar fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí seo bonn eolais faoi chinntí an Choimisiúin i leith na scéime deiridh.

## Conas Aighneacht a Dhéanamh

Tugann an Coimisiún cuireadh duit do chuid freagraí ar na ceisteanna comhairliúcháin a chur isteach faoi **12 meán lae**, **Dé Céadaoin, 1 Iúil 2026.**

Is féidir leat do fhreagra a sheoladh le ríomhphost chuig community@cnam.ie, nó is féidir leat clárú agus foirm a chomhlánú ar líne ag: cnam.submit.com.

**Is féidir freagraí poist** a sheoladh chuig:

**Comhairliúchán ar Scéim Meán Pobail,**
**1 Shelbourne Buildings,**
**Bóthar Shíol Bhroin,**
**Baile Átha Cliath 4,**
**D04 NP20,**

Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir leis an gcomhairliúchán seo, seol ríomhphost chuig community@cnam.ie nó glaoigh ar (+353) (0)1 644 1200.

## Foilsiú Aighneachtaí

Roinnfidh an Coimisiún achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas sa chomhairliúchán seo le páirtithe leasmhara tar éis don doiciméad críochnaitheach maidir leis an Scéim a bheith foilsithe, agus faoi réir breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis a bhféadfaí a mheas gur faisnéis de chineál pearsanta nó íogair í, nó gur tugadh faoi rún í.

## Sonraí Pearsanta

Comhlíonfaidh An Coimisiún a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS"), faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideachas sonraí.

Tá an Coimisiún faoi oibleagáid agus tiomanta na sonraí pearsanta go léir a chuirtear isteach a chosaint. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann An Coimisiún faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe An Choimisiúin ag: Cosaint sonraí agus príobháideachas - Coimisiún na Meán.

Don phróiseas seo, baileoidh Coimisiún na Meán an t-ainm, an seoladh ríomhphoist, agus aon fhaisnéis phearsanta eile atá san áireamh i do fhreagra. Ní chuirfidh an Coimisiún do shonraí teagmhála ar fáil go poiblí, amhail do sheoladh, d'uimhir theileafóin nó do ríomhphost.

Ní úsáidfear an fhaisnéis a bhaileofar ach amháin chun críocha an chomhairliúcháin seo agus ní chun aon chríche eile.

## Faisnéis faoi rún

Tá sé i gceist ag An gCoimisiún achoimre ar aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo a roinnt le páirtithe leasmhara eile. Tabhair aon fhaisnéis rúnda in iarscríbhinn a ghabhann le haighneacht i scríbhinn nó mar cheangaltán má chuireann tú d'aighneacht isteach ar líne nó trí ríomhphost. Déileálfaidh An Coimisiún le faisnéis rúnda de réir a Threoirlínte [Comhairliúcháin - Coimisiún na Meán.]

## Saoráil Faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh an Choimisiúin faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat maidir le faisnéis a mharcálann tú mar fhaisnéis rúnda sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le haon iarratas um Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

# 1. Réamhrá

*Ní chuirtear faisnéis chúlra ar fáil sa roinn seo ach amháin maidir leis an scéim. Níl aon cheist chomhairliúcháin ag teacht chun cinn maidir leis an alt seo.*

Tá Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”), coimisiún na hÉireann chun craoltóirí, na meáin ar líne a rialáil agus chun tacú le forbairt na meán, tiomanta do thírdhreach meán atá rathúil, éagsúil agus cruthaitheach a chinntiú.

Forbraíonn agus oibríonn an Coimisiún, de bhun a fheidhme Forbartha Meán, scéimeanna maoinithe chun tacú le cruthú agus seachadadh ábhair ardchaighdeáin, inrochtana agus ionchuimsithigh a léiríonn agus a mhúnlaíonn sochaí na hÉireann, agus a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le hearnáil na meán agus a hiolrachas a neartú.

D’aithin tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán *“an ról ríthábhachtach agus luachmhar atá ag earnáil láidir neamhspleách meán i saol cathartha agus cultúrtha na hÉireann agus san ord daonlathach”.* Mhol sí gur cheart an Ciste Craolacháin, dá bhforáiltear faoi láthair faoi Chuid 10 de na hAchtanna um Rialáil Craolacháin agus Meán Eile, 2009 agus 2022 agus a thacaíonn leis na Scéimeanna Fuaime agus Físe agus Cartlannaithe, a thiontú ina Chiste Meán chun maoiniú a chur ar fáil d’earnáil níos leithne na meán ar bhonn atá neodrach ó thaobh ardáin de. Is é an aidhm uileghabhálach tacú le réimse scéimeanna maoinithe do Sholáthraithe Ábhair Seirbhíse Poiblí ar bhonn céimnithe, lena n-áirítear:

- **Scéim Tuairiscithe ar an Daonlathas Áitiúil**
- **Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna**
- **Scéim Tuairiscithe Nuachta**
- **Tacaíocht don Chlaochlú Digiteach**
- **Scéim Meán Pobail; agus,**
- **Scéim Rochtana agus Oiliúna.**

Sa chomhthéacs seo, agus tar éis an Scéim Tuairiscithe ar an Daonlathas Áitiúil, Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna, Scéim Tuairiscithe Nuachta agus Scéimeanna um Chlaochlú Digiteach a bhunú, tá Scéim Meán Pobail nua phíolótach bunaithe anois.

Tá an Scéim Meán Pobail a chuirtear i láthair thíos bunaithe ar thorthaí agus ar mholtaí thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán agus ar obair thaighde agus chomhairliúcháin a rinneadh thar ceann Choimisiún na Meán.

# 2. Réamhrá

*Leagtar amach sa roinn seo an réasúnaíocht atá leis an scéim. Níl aon cheist chomhairliúcháin ag teacht chun cinn maidir leis an alt seo.*

Is scéim tacaíochta í Scéim Meán Pobail (“an Scéim”) a fheidhmíonn Coimisiún na Meán (“an Coimisiún”) agus a mhaoinítear trí mhaoiniú Státchiste.

Is é príomhchuspóir na Scéime seo rannchuidiú na hearnála meán pobail i leith an tsochair shóisialta a neartú. Tá sé mar aidhm ag an Scéim tacú le hearnáil meán pobail atá inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus rannpháirtíoch agus a sholáthraíonn sochar sóisialta, trí acmhainneacht eagraíochtúil agus oibríochtúil a neartú, forbairt scileanna a fheabhsú trí oiliúint, agus eagraíochtaí meán pobail a chur ar a gcumas freastal níos fearr ar luchtanna féachana agus éisteachta éagsúla, cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, agus saoránacht ghníomhach a chothú ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Sa chomhthéacs seo, tá sé mar aidhm aici deis a thabhairt do chraoltóirí ceadúnaithe teilifíse pobail agus raidió pobail{sp}díriú ar acmhainneacht a fhorbairt chun tacú le hinbhuanaitheacht níos fearr a bhaint amach

agus chun a gcuspóirí sochair shóisialta{sp}a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr{sp}de réir mar atá leagtha amach ina ráitis beartais clár agus ina dtuairiscí seirbhíse. Tá sainmhíniú agus cineálacha an tsochair shóisialta leagtha síos sa Chreat um Shochar Sóisialta do chraoltóirí pobail, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2020.

Is é seo an chéad leagan den Scéim, ar ciste iomaíoch ar bhonn píolótach í.

Leagtar amach sa cháipéis seo príomhghnéithe na Scéime i dtéarmaí ról An Choimisiúin, na gcuspóirí, an raon feidhme, an maoiniú atá ar fáil, agus na bpróiseas oibríochtúil. Foilseoidh an Coimisiún doiciméid tacaíochta d'iarratasóirí ionchasacha maidir leis na babhtaí maoinithe agus aon bhearta forbartha gaolmhara le linn shaolré na Scéime.

# 3. Ról an Choimisiúin

*Tugtar eolas sa roinn seo ar ról an Choimisiúin i gcur chun feidhme na Scéime agus ar ghnéithe den Scéim, lena n-áirítear na cuspóirí agus sainmhíniú ar na meáin phobail. Tá trí (3) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag an gCoimisiún don roinn seo, a chuirtear i láthair ag deireadh an téacs don roinn seo.*

Tá an Coimisiún freagrach as bainistiú na Scéime, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus eisíocaíocht na gcistí. Tá leibhéal an mhaoinithe socraithe ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, an tUas. Patrick O'Donovan, TD, agus clúdaíonn an leithdháileadh riar na Scéime agus deontais mhaoinithe araon.

Cuirfear an Scéim chun feidhme i gcomhréir le Rialacha Státchabhrach an Aontais Eorpaigh, go sonrach laistigh de chreat de minimis. Ní dhéanfar an maoiniú a leithdháileadh ach ar chraoltóirí teilifíse pobail atá ceadúnaithe ag an gCoimisiún ; agus ar sheirbhísí craolacháin fuaime pobail, pobail sainleasa agus pobail sainspéise.

## 3.1 Comhthéacs Reachtach Scéim Meán Pobail

### 3.1.1 Bunú na Scéime

Foráiltear le halt 154(5) den Acht Craolacháin 2009 go bhféadfaidh an Coimisiún, agus scéim á hullmhú aige, aird a thabhairt ar riachtanais forbartha craoltóirí pobail.

Ina theannta sin, i moladh 6-7 ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, moladh Scéim Meán Pobail a bhunú, agus thángthas ar an gconclúid go raibh gá sonrach le sásra tacaíochta a bhunú do na meáin phobail.

Chinntigh an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, an tUas. Patrick O'Donovan, TD, €1m i mBuiséad 2026 chun Scéim Meán Pobail a fhorbairt chun 'an ról fíorluachmhar atá ag na meáin phobail i rannpháirteachas agus comhtháthú pobail, agus i gcur chun cinn an chuimsithe shóisialta i bpobail ar fud an Stáit, a léiriú'.

Sa chomhthéacs seo, tá Scéim Meán Pobail nua bunaithe chun tacú le forbairt earnáil na meán pobail.

### 3.1.2 Sainmhíniú ar na Meáin Phobail

Is cuid ríthábhachtach agus uathúil de thírdhreach meán na hÉireann iad na meáin phobail. Agus iad sainithe de réir phrionsabail na húinéireachta pobail, na rochtana agus na rannpháirtíochta, léiríonn agus treisíonn na hasraonta sin guthanna grúpaí éagsúla sa tsochaí.

Luaitear i mBeartas Údarás Craolacháin na hÉireann um Mheáin Phobail (BAI) (18 Meitheamh 2021): "Is iad struchtúir úinéireachta eagraíochta meán pobail, a gníomhaíochtaí táirgthe agus/nó scaipthe ábhair, agus an caidreamh atá aici leis an bpobal a bhfuil sí ceadúnaithe chun freastal air na gnéithe a dhéanann saintréith di. Tá sí faoi úinéireacht agus faoi smacht eagraíochta neamhbhrabúis a bhfuil struchtúr aici lena bhforáiltear go mbaineann ballraíocht, bainistíocht agus oibriú go príomha le baill den phobal.

Tá a gníomhaíochtaí táirgthe agus/nó scaipthe ábhair bunaithe ar rochtain agus rannpháirtíocht ball den phobal agus léiríonn siad sainleasanna agus riachtanais an phobail sin. Féachtar leis an gcaidreamh atá aici leis an bpobal le "heagraíochtaí agus gníomhaíochtaí eile a bhfuil sé mar aidhm acu an pobal sin a chumhachtú agus a fhorbairt a threisiú."

### 3.1.3 Aidhmeanna agus Cuspóirí na Scéime

**Aidhmeanna**

Tá aidhmeanna na Scéime seo bunaithe ar an mBeartas um Mheáin Phobail agus ar an gCreat um Shochar Sóisialta a seoladh in 2021 d'fhonn tacú le forbairt na craoltóireachta pobail. Tá sé mar aidhm ag an Scéim deis a thabhairt do Chraoltóirí Pobail acmhainneacht a fhorbairt chun a sainchúram sochair shóisialta a chomhlíonadh ar bhealach níos iomláine de réir mar atá leagtha amach ina ráitis beartais clár agus ina dtuairiscí seirbhíse.

Tá sainmhíniú agus cineálacha an tsochair shóisialta leagtha síos sa Chreat um Shochar Sóisialta do chraoltóirí pobail, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2020, mar seo a leanas.

**Sainmhíniú**

*"Sochair do dhaoine aonair nó do ghníomhaithe comhchoiteanna sa phobal a fheabhsaíonn a saol ó thaobh sóisialta, cultúrtha nó eacnamaíoch de, nó ó thaobh forbartha, cumhachtaithe agus/nó folláine de, nach mbeadh tagtha chun cinn murach sin."*

**Cineálacha Sochair Shóisialta**

- Tá daoine aonair, go háirithe mionlaigh agus daoine atá imeallaithe, ag éirí níos muiníní agus níos cruthaithí agus/nó ag treisiú a mbraite muintearais, go díreach de bharr a rannpháirtíochta leis an Stáisiún.

- Tá daoine aonair ag feabhsú a n-ionchas fostaíochta trí scileanna agus muinín a ghnóthú.

- Tá baill den phobal ar an eolas agus feasach ar a bhfuil ag tarlú ina bpobal.

- Tá baill den phobal ag freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do shaincheisteanna – ó chinn áitiúla go cinn dhomhanda – toisc go bhfuil rochtain acu ar dhearcthaí éagsúla agus ar fhaisnéis níos fairsinge agus níos fearr.

- Tugtar éascaíocht do ghníomhaithe comhchoiteanna (eagraíochtaí pobalbhunaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha srl.) agus treisítear a n-acmhainneacht chun a gcuspóirí a bhaint amach.

- Feabhsaítear braistint féiniúlachta agus comhtháiteachta an phobail.

- Tacú le forbairt earnáil na craoltóireachta pobail trí chuidiú le torthaí a fheabhsú ar fud réimsí na bainistíochta, na n-oibríochtaí, an léiriúcháin agus na craoltóireachta i stáisiúin raidió pobail agus trí chuidiú lena n-inbhuanaitheacht.

**Cuspóirí**

Seo a leanas cuspóirí na Scéime:

- Rannchuidiú earnáil na meán pobail i leith an tsochair shóisialta a neartú trí thacú le cleachtais agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar shochair shóisialta intomhaiste a sholáthar i gcomhréir le Creat  um Shochar Sóisialta an Choimisiúin.

- Tacú le deiseanna oiliúna agus forbartha gairmiúla chun acmhainneacht a fhorbairt in earnáil na meán pobail, inbhuanaitheacht an lucht saothair a neartú agus rannpháirtíocht a spreagadh.

- Acmhainneacht tiomsaithe airgid a neartú agus foinsí maoinithe a éagsúlú agus a bhainistiú, rud a fheabhsóidh inbhuanaitheacht eagraíochtúil fhadtéarmach in earnáil na meán pobail.

- Athléimneacht airgeadais agus eagraíochtúil eagraíochtaí meán pobail a fheabhsú trí thacú le rialachas, bainistiú boird, pleanáil straitéiseach agus ullmhacht don todhchaí chun inmharthanacht agus cuntasacht fhadtéarmach a chinntiú agus luach poiblí á sholáthar.

- Comhoibriú eagraíochtúil a spreagadh, amhail cláir mheantóireachta agus/nó comhoibriú rannpháirtíoch, comhthairbheach le heagraíochtaí amhail institiúidí ardoideachais agus breisoideachais, leabharlanna srl., ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a neartú i ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta, for-rochtana, caidrimh agus forbartha eagraíochtúla na meán pobail.

- Tacú le tionscnaimh inrochtaineachta lena gcumasaítear do dhaoine faoi mhíchumas páirt níos leithne a ghlacadh sna meáin phobail agus lena neartaítear caidreamh pobail le grúpaí tearcionadaithe agus imeallaithe, rud a thacóidh le comhtháthú pobail agus tuiscint idirchultúrtha.

- Rannpháirtíocht oibrithe deonacha agus rannchuiditheoirí pobail a mhealladh, agus ar an gcaoi sin rannpháirteachas poiblí agus ionadaíocht pobail a mhéadú.

- Tacú le tionchar an tsochair shóisialta trí acmhainneacht na meán pobail a fheabhsú chun cuimsiú sóisialta, litearthacht sna meáin, tionscnaimh frith-bhréagaisnéise agus rannpháirteachas daonlathach a chur chun cinn, agus chun ábhar seirbhíse poiblí áitiúil, cultúr agus féiniúlacht a threisiú.

## 3.2 Cur chuige an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme Scéimeanna Maoinithe

Tá bunluachanna ann atá mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige an Choimisiúin maidir le scéim a oibriú. Gabhann an gCoimisiún air féin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A bheith Cothrom – inár bpróisis, nósanna imeachta, agus cinntí.
- A bheith Neamhspleách – ag feidhmiú mar rialtóir neamhchlaonta.
- A bheith inár Saineolaíthe – trí eolas a chur orainn féin trí rannpháirtíocht, taighde, agus tiomantas don fhoghlaim ghairmiúil.
- Cuntasach – inár gcinntí, inár rialachas agus inár n-acmhainní.

Ceisteanna Comhairliúcháin

*1. An bhfuil tú sásta leis an sainmhíniú ar na meáin phobail atá á mholadh ag an gCoimisiún?*

*Cad é do thuairim faoi na haidhmeanna agus na cuspóirí atá beartaithe?*

*3. An bhfuil aon athruithe nó breiseanna sonracha ba cheart a chur san áireamh, agus má tá, mínigh iad, le do thoil.*

# 4 Raon feidhme Scéim Meán Pobail ("an Scéim")

*Leagtar amach sa roinn seo an cur chuige maidir le hoibriú na Scéime agus sainaithnítear inti na cineálacha tionscnamh agus tionscadal a dtacófar leo agus na critéir incháilitheachta d'iarratasóirí. Tá trí (3) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag an gCoimisiún don roinn seo, a chuirtear i láthair ag deireadh an téacs don roinn seo.*

## 4.1 Rannchuidiú na hearnála meán pobail i leith an tsochair shóisialta a neartú

Is é príomhaidhm Scéim Meán Pobail rannchuidiú na hearnála i leith an tsochair shóisialta a neartú trí thacú le forbairt na meán pobail agus leis an ról atá ag an earnáil i rannpháirteachas agus comhtháthú pobail, agus i gcur chun cinn an chuimsithe shóisialta i bpobail ar fud an Stáit.

## 4.2 Ábhar

Aithnítear i Scéim Meán Pobail gur colún riachtanach d'éiceachóras meán na hÉireann iad na meáin phobail agus cuirtear tacaíocht mhaoinithe ar fáil do thionscadail agus do thionscnaimh atá ag iarraidh acmhainneacht a fhorbairt chun cuspóirí sochair shóisialta na meán pobail a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr de réir mar atá leagtha amach ina ráitis beartais clár agus ina dtuairiscí seirbhíse.Tá sé mar aidhm léi athléimneacht na hearnála a neartú, a hacmhainneacht chun sochar sóisialta a sholáthar a fheabhsú agus a chinntiú go leanfaidh na meáin phobail de luach poiblí fiúntach a sholáthar mar chuid bhríomhar, ábhartha agus bhuan de thírdhreach meán na hÉireann.

Tá maoiniú ar fáil do thionscadail agus do thionscnaimh a fhéachann le rannchuidiú earnáil na meán pobail i leith an tsochair shóisialta a threisiú agus a ailíníonn le cuspóirí na Scéime.

## 4.3 Critéir Incháilitheachta

Tá an Scéim ar oscailt do chraoltóirí teilifíse pobail atá ceadúnaithe ag an gCoimisiún ; agus do sheirbhísí craolacháin fuaime pobail agus pobail sainleasa amháin. Ní mór d'iarratasóirí a bheith ina n-eintitis rialáilte tráth an iarratais.

I ndáil leis sin, cuireann an beart maoiniú deontais ar fáil do sheirbhísí craolacháin pobail atá ceadúnaithe ag an gCoimisiún agus a dhéanann an méid seo a leanas:

- Rialachas Corparáideach agus Bainistíocht Airgeadais éifeachtach a léiriú;
- Cuntais bhliantúla a chomhlíonann na ceanglais a fhoilsiú; agus,
- Dea-chuntas teiste maidir le comhlíonadh a bheith acu leis an gCoimisiún.
- Dhá shínitheoir boird a chur ar fáil

Ceisteanna Comhairliúcháin
*4. An aontaíonn tú le raon feidhme beartaithe na Scéime mar atá leagtha amach i ranna 4.1, Rannchuidiú na hearnála meán pobail i leith an tsochair shóisialta a neartú, agus 4.2, Ábhar?*

*5. An bhfuil na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i Roinn 4.3 oiriúnach?*

*6. An bhfuil aon athruithe nó breiseanna sonracha ba cheart a chur san áireamh, agus má tá, mínigh iad, le do thoil.*

# 5 Maoiniú

*Sonraítear sa roinn seo an cur chuige maidir le dámhachtainí maoinithe faoin Scéim agus sainaithnítear inti na réimsí maoinithe. Leagtar béim ann freisin ar oibleagáidí an Choimisiúin faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair agus ar an oibleagáid atá ar dheontaithe aitheantas a thabhairt d'fhoinse an chistithe. Tá dhá (2) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag an gCoimisiún don roinn seo, a chuirtear i láthair ag deireadh an téacs don roinn seo.*

Tacóidh an maoiniú le tograí le haghaidh tionscadal agus gníomhaíochtaí a chuireann tuilleadh le rannchuidiú uathúil na meán pobail i leith an tsochair shóisialta, lena n-áirítear réimsí amhail na réimsí seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

**For-rochtain, rannpháirtíocht agus cuimsiú**: Tionscnaimh a chuireann rannpháirtíocht pobail i measc craoltóirí meán pobail agus ina ngníomhaíochtaí chun cinn. Tionscadail nó imeachtaí bunaithe ar ghníomhaíochtaí, i.e. tionscnaimh rannpháirtíochta poiblí/tiomsaithe airgid, sraith ceardlann/gníomhaíochtaí for-rochtana pobail agus/nó tionscadail atá dírithe ar chur chun cinn na litearthachta sna meáin.

**Oiliúint, oideachas agus foghlaim earnála**: I réimsí amhail, ach gan a bheith teoranta do, iriseoireacht, taighde, léiriú fuaime/físe, forbairt eagraíochtúil, comhlíonadh, riarachán, rialachas, bainistíocht airgeadais, ceannaireacht iontaobhaithe agus oibrithe deonacha, oiliúint do chomhaltaí boird lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcúrsaí agus raon feidhme pleananna oiliúna spriocdhírithe a shainiú agus iad a fhorbairt.

**Forbairt Eagraíochtúil, Ceannaireachta agus Rialachais**: Tionscadail i réimsí amhail riarachán, rialachas, forbairt boird, scríobh iarratas ar dheontais, soláthar agus riarachán, forbairt comhpháirtíochta agus comhoibrithe agus forbairt tiomsaithe airgid, lena n-áirítear tacaíocht do shaineolas seachtrach/do chomhairleacht sheachtrach.

**Bearta Cuimsithe, Inrochtaineachta agus Comhionannais:** Inrochtaineacht a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas, d'oibrithe, d'oibrithe deonacha agus don phobal. Iniúchtaí inrochtaineachta agus pleanáil inrochtaineachta. Tacaíochtaí cumasúcháin do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus tionscnaimh rannpháirtíochta ionchuimsithí a fheabhsú do phobail mhionlaigh agus tearcionadaithe.

**Tionscadail agus tionscnaimh Ghaeilge:** Tacú le tionscadail agus gníomhaíochtaí atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh den eagraíocht agus den phobal.

**Comhoibriú:** Tacú le tionscnaimh lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, thionscadail indéantachta agus taighde, cláir mheantóireachta agus gníomhaíochtaí eile atá ag iarraidh rannchuidiú na meán pobail i leith an tsochair shóisialta a chur chun cinn tuilleadh trí chomhoibriú ar fud na hearnála nó le heagraíochtaí comhthairbheacha.

**Eisiaimh: Ní bheidh maoiniú ar fáil chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú:**

- Tionscadail um Léiriú Ábhair
- Tionscadail um Chlaochlú Digiteach
- Fiachas agus Muirir Seirbhísithe Fiachais, Ús atá Dlite, Drochfhiacha, Obair atá Déanta Cheana Féin
- Fíneálacha reachtúla, fíneálacha nó pionóis choiriúla, táillí ceadúnais/cóipchirt, CBL, costais/iasachtaí scairshealbhóirí agus aon chineálacha costais den sórt sin.
- Billí fóntais BAU (gnó mar is gnách) / íocaíochtaí cíosa agus/nó morgáiste

- Urraíocht craolacháin
- Aisíoc iasachtaí
- Feithiclí
- Costais ghinearálta a bhaineann le deisiú, tógáil nó cothabháil foirgneamh
- Costais reatha a bhaineann le gnó mar is gnách (BAU)
- Tionscadail / Gníomhaíochtaí / Poist atá ag Fáil Maoiniú Poiblí Leanúnach Cheana Féin ó Rialtas na hÉireann, nó ó Aon Fhoinse Phoiblí Eile nó ón Aontas Eorpach
- Táillí/costais i leith aon tionscadal eile a fhaigheann maoiniú ó fhoinsí tráchtála nó poiblí (Rialtas agus AE).

## 5.1 Leithdháileadh cistí faoin Scéim Meán Pobail

Bronnfar maoiniú ar iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus atá i gcomhréir le haidhmeanna agus cuspóirí Scéim Meán Pobail, ar bhonn náisiúnta agus iomaíoch.

Tacóidh an maoiniú le tograí a chomhlíonann aidhm na Scéime maidir le rannchuidiú na meán pobail i leith an tsochair shóisialta a chur chun cinn.

Spreagtar comhoibriú idir soláthraithe seirbhísí meán rialáilte agus comhpháirtithe comhthairbheacha eile, agus tabharfar aird chuí ar an gcomhoibriú sin.

Tabharfar aird ar iolracht foinsí agus ar leibhéal foriomlán an mhaoinithe a bhronntar, agus féadfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a dhéanamh chun teorainn a chur le leibhéal foriomlán an mhaoinithe a bhronntar ar aon soláthraí seirbhíse meán pobail amháin.

## 5.2 Cineálacha deontais

Beidh an tsolúbthacht ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, maidir leis an gcur chuige is iomchuí i leith leithdháileadh cistiúcháin ar iarratasóirí deontais agus beidh sé de rogha aige cistiú a dhámhachtain, de réir mar is cuí leis.

Go ginearálta, leithdháilfidh an Coimisiún deontais faoi Scéim Meán Pobail ("an Scéim") a chumhdóidh costais incháilithe uile an togra agus forchostais a bhaineann go díreach leis.

Foilseofar doiciméid treorach le haghaidh gach babhta maoinithe agus áireofar ann faisnéis mhionsonraithe ar leibhéil na ndámhachtainí deontais agus ar theimpléid bhuiséid ina leagtar amach na costais cheadaithe faoin Scéim.

Tugtar sa tábla seo a leanas sampla de na tairseacha maoinithe atá ar fáil:

| Tairseacha Maoinithe | |
|---|---|
| **Íosmhéid** | **Uasmhéid** |
| €30,000 | €55,000 |

*Ceisteanna Comhairliúcháin*
*7. Cad é do thuairim faoi na sé chatagóir maoinithe a bheidh ar fáil faoin Scéim?*
*8. An bhfuil aon athruithe nó breiseanna sonracha ba cheart a chur san áireamh, agus má tá, mínigh iad, le do thoil.*

## 5.3 Oibleagáidí faoi Rialacha Cúnaimh Stáit an AE

Feidhmíonn an Coimisiún an Scéim seo agus aird á tabhairt aige ar Rialacha Státchabhrach an Aontais Eorpaigh, agus úsáideann sé Rialachán de minimis (AE) 2023/2831. Faoin rialachán seo, ní fhéadfaidh cabhair a dheonaítear d'aon 'ghnóthas' amháin dul thar €300,000 i dtréimhse rollach 3 bliana. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór d'íocaíochtaí de minimis le gnóthas amháin faoi roinnt beart nó Scéimeanna an teorainn €300,000 a chomhlíonadh go carnach.

Is é €300,000 an uasteorainn reatha do gach cabhair De Minimis, beag beann ar fhoinse na cabhrach De Minimis sin, a bhronnann aon ghníomhaireacht Stáit nó comhlacht poiblí ar aon ghnóthas amháin thar thréimhse trí bliana. Ceadaíonn an Coimisiún Eorpach cabhair De Minimis suas le €300,000 in aghaidh an ghnóthais thar aon tréimhse trí bliana faoin Rialachán De Minimis toisc go meastar go bhfuil sé seo ar leibhéal nach mbeidh tionchar substaintiúil aige ar thrádáil idir Ballstáit ná nach ndéanfaidh sé iomaíocht a shaobhadh nó bagairt go saobhfar iomaíocht léi agus dá bhrí sin is féidir é a dhámhachtain gan fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach ná gan imréiteach uaidh.

Ní mór d'iarratasóirí aon chabhair De Minimis a fuair siad ó aon chomhlacht poiblí sna trí bliana sula bhfuair siad maoiniú ón gCoimisiún (agus aon iarratais atá "ar bun" ar mhaoiniú stáit) a dhearbhú don Choimisiún. Déanfar gach tionscadal a sheiceáil maidir le hinfheidhmeacht De Minimis mar chuid den iarratas tosaigh agus nuair a chuirfear éilimh isteach, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh air nach mbeidh iarratais incháilithe do chabhair deontais faoin gClár seo.

Beidh ar iarratasóirí atá ag lorg tacaíochta faoin Rialachán De Minimis dearbhú a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina ndearbhaítear an cúnamh De Minimis go léir a fuarthas le trí bliana anuas, i gcomhréir le Rialacha Cúnaimh Stáit an AE. Is díol suntais é go bhféadfadh dearbhú bréagach as a dtiocfaidh sárú ar an tairseach €300,000 a bheith ina chúis le haisghabháil na cabhrach le hús ag an gCoimisiún ag am níos déanaí.

## 5.4 Ceanglais Faireacháin & Tuairiscithe

Coinneoidh an Coimisiún taifid ina mbeidh faisnéis agus doiciméid tacaíochta chun a shuíomh go gcomhlíontar na coinníollacha uile atá leagtha síos faoin Rialachán De Minimis ar feadh 10 mbliana ón dáta ar bronnadh an chabhair dheireanach faoin Scéim.

Le haghaidh tuilleadh eolais: [Cabhair De Minimis]

## 5.5 Babhtaí Mhaoiniúcháin

Leithdháilfidh an Coimisiún maoiniú trí chóras babhtaí maoinithe iomaíocha. Cinnfidh an Coimisiún líon na mbabhtaí maoinithe, a n-uainiú agus leibhéal an mhaoinithe a chuirfear ar fáil, faoi réir roinnt tosca, lena n-áirítear infhaighteacht maoinithe, toradh phróiseas an Bhuiséid agus leaganacha féideartha den Scéim amach anseo.

## 5.6 Aitheantas ar Mhaoiniú

Ceanglaítear ar iarratasóirí a fhaigheann maoiniú ón gCoimisiún de réir conartha aitheantas foirmiúil a thabhairt don tacaíocht sin i bhformáid atá inghlactha ag an gCoimisiún. Forchoimeádann An Coimisiún an ceart treoirlínte a eisiúint d'iarratasóirí ina sonraítear ceanglais bheachta ina leith sin.

# 6 Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí

*Leagtar amach sa rannán seo an cur chuige maidir leis an bpróiseas iarratais agus measúnaithe don scéim agus sainaithnítear ann na príomhphrionsabail a chuireann bonn eolais faoi na próisis sin. Is é príomhchúram an Choimisiúin go bhfuil na próisis iarratais, mheasúnaithe agus dhámhachtana trédhearcach, cothrom agus infhíoraithe. Tá prionsabail leathana comhaontaithe agus feidhmithe ag An gCoimisiún maidir leis na próisis seo ar fud scéimeanna maoinithe mar atá leagtha amach thíos. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil go poiblí maidir leis na próisis agus na nósanna imeachta chun iarratais a dhéanamh, an próiseas measúnaithe, conarthaí agus íocaíochtaí. Tá ceithre (4) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag An gCoimisiún don rannán seo, agus cuirtear i láthair iad ag deireadh an téacs don rannán seo.*

## 6.1 An Próiseas Iarratais

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis maidir le scéimeanna maoinithe agus áireofar inti: sonraí maidir leis an gcaoi le haighneachtaí a dhéanamh, faisnéis incháilitheachta, tréimhsí ama iarratais, sonraí maidir le critéir mheasúnaithe agus faisnéis fhorlíontach eile de réir mar a mheastar is iomchuí.

## 6.2 An Próiseas Measúnaithe

Tá na ceithre chéim seo a leanas sa phróiseas measúnaithe do Scéim Meán Pobail:

### 1.1.1. Meastóireacht Réamhchéime

Cinntíonn an réamh-mheastóireacht go bhfuil iarratasóir incháilithe do mhaoiniú faoin Scéim. Is é an fócas anseo ná a chinntiú go bhfuil na critéir íosta comhlíonta ag iarratasóirí agus go bhfuil na doiciméid riachtanacha go léir curtha isteach acu. Dícháileofar aon iarratas nach n-éireoidh leis i gcéim na réamh-mheastóireachta agus ní dhéanfar é a bhreithniú tuilleadh.

### 1.1.2. Measúnú Cáilíochtúil

Déanfaidh painéal neamhspleách measúnóirí gach iarratas a mheas ar a fhiúntas féin bunaithe ar na critéir mheasúnaithe atá leagtha amach i ndoiciméid treorach an Choimisiúin.

### 1.1.3. Measúnú Straitéiseach

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilitheacha ná cistí ar fáil, beidh an dara céim mheastóireachta ag An gCoimisiún. Díreoidh sé seo ar chothromaíocht a bhaint amach i bpacáiste foriomlán na dtionscadal maoinithe i gcomhthéacs chuspóirí na Scéime. Déanfar na moltaí ón gCéim Cháilíochtúil a mheas anseo freisin. Cuirtear na moltaí deiridh faoi bhráid na gCoimisinéirí ansin lena ndaingniú.

### 1.1.4. Daingniú Foirmiúil

Ag an gcéim dheiridh, Daingniú an Choimisinéara, daingníonn Coimisiún na Meán an pacáiste foriomlán iarratas atá molta le haghaidh maoinithe, i ndáil le Cuspóirí an bhabhta maoinithe a chomhlíonadh. Is cinneadh críochnaitheach cinneadh na gCoimisinéirí.

Ní chuirfear iarratasóirí ar an eolas faoi thoradh a n-iarratais ach amháin tar éis don phróiseas measúnaithe agus daingniúcháin a bheith críochnaithe.

### 6.3 An Próiseas Dámhachtana

Sa chás go bhfuil iarratas ar mhaoiniú ceadaithe ag an gCoimisiún tá feidhm ag na céimeanna seo a leanas:

Cuireann an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus leagann sé amach aon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis an tairiscint.

I. Cuirfidh an Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe atá daingnithe ag na Coimisinéirí ar fáil don phobal.
II. Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leo a dheimhniú go nglacann siad leis an tairiscint ar mhaoiniú agus le haon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis sin ón gCoimisiún.
III. Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis An gCoimisiún, ar théarmaí atá le sonrú ag an gCoimisiún. Áirítear ar théarmaí den sórt sin sceideal a bhaineann le tarraingt anuas cistí ag an iarratasóir. Riarann an Coimisiún cistí i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh.

I gcás inar dhiúltaigh An Coimisiún d'iarratas ar mhaoiniú, tugtar fógra d'iarratasóirí ina n-aonar agus tugtar aiseolas dóibh maidir le feidhmíocht a n-iarratais sa phróiseas measúnaithe. Úsáideann an Coimisiún córas pointí caighdeánaithe chun eolas a thabhairt agus iarratais á measúnú agus chun an t-aiseolas a thugtar d'iarratasóir a chur ar fáil.

**Ceisteanna Comhairliúcháin**

*9. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe maidir leis an bpróiseas iarratais?*

*10. An bhfuil aon athruithe nó breiseanna sonracha ba cheart a chur san áireamh, agus má tá, mínigh iad, le do thoil.*

*11. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe maidir le measúnú agus dámhachtainí?*

*12. An bhfuil aon athruithe nó breiseanna sonracha ba cheart a chur san áireamh, agus má tá, mínigh iad, le do thoil.*

# 7 Athbhreithniú ar Scéim Meán Pobail ("an Scéim")

Mar a fhoráiltear i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, tá Scéim Meán Pobail ("an Scéim") á bunú ar bhonn píolótach ar feadh tréimhse tosaigh dhá mhí dhéag, agus déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar oibriú, éifeachtacht agus tionchar na Scéime nuair a bheidh an chéim phíolótach seo curtha i gcrích agus cuirfidh sé tuarascáil scríofa faoin athbhreithniú faoi bhráid an Aire. Cuirfidh an mheastóireacht seo ar an scéim phíolótach bonn eolais faoi fhorbairt beartais ar leaganacha den Scéim amach anseo.

**Ceist Chomhairliúcháin Deiridh**

*13. An bhfuil aon aiseolas eile ann maidir leis an scéim atá beartaithe ar mhaith leat a chur isteach?*

# 8 Aguisín 1 – Achoimre ar Cheisteanna Comhairliúcháin

| Roinn | Ceisteanna Comhairliúcháin |
|---|---|
| **Ról an Choimisiúin** | *1. An bhfuil tú sásta leis an sainmhíniú ar na meáin phobail atá á mholadh ag an gCoimisiún?*<br>*Cad é do thuairim faoi na haidhmeanna agus na cuspóirí atá beartaithe?*<br>*3. An bhfuil aon athruithe nó breiseanna sonracha ba cheart a chur san áireamh, agus má tá, mínigh iad, le do thoil.* |
| **Raon feidhme Scéim Meán Pobail ("an Scéim")** | *4. An aontaíonn tú le raon feidhme beartaithe na Scéime mar atá leagtha amach i ranna 4.1, Rannchuidiú na hearnála meán pobail i leith an tsochair shóisialta a neartú, agus 4.2, Ábhar?*<br>*5. An bhfuil na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i Roinn 4.3 oiriúnach?*<br>*6. An bhfuil aon athruithe nó breiseanna sonracha ba cheart a chur san áireamh, agus má tá, mínigh iad, le do thoil.* |
| **Maoiniú** | *7. Cad é do thuairim faoi na sé chatagóir maoinithe a bheidh ar fáil faoin Scéim?*<br>*8. An bhfuil aon athruithe nó breiseanna sonracha ba cheart a chur san áireamh, agus má tá, mínigh iad, le do thoil.* |
| **Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí** | *9. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe maidir leis an bpróiseas iarratais?*<br>*10. An bhfuil aon athruithe nó breiseanna sonracha ba cheart a chur san áireamh, agus má tá, mínigh iad, le do thoil.*<br>*11. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe maidir le measúnú agus dámhachtainí?*<br>*12. An bhfuil aon athruithe nó breiseanna sonracha ba cheart a chur san áireamh, agus má tá, mínigh iad, le do thoil.* |
| **Foriomlán** | *13. An bhfuil aon aiseolas eile ann maidir leis an scéim atá beartaithe ar mhaith leat a chur isteach?* |